

Rannán Airgeadas na Scoileanna  
An Roinn Oideachais agus Scileanna  
Corr na Madadh  
Baile Átha Luain  
Co. na hIarmhí  
N37 X659



Schools Division Financial  
Department Education and Skills  
Cornamaddy  
Athlone  
Co. Westmeath  
N37 X659

**Ciorclán: 0016/2016**

## **Do: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal**

1. Faoin scéim Deontais Chónaithe na gCeantar Iargúlta, déantar soláthar deontais a íoc i leith daltaí a bhfuil a ngnáth-áit chónaithe lasmuigh de raon na seirbhísí iompair phoiblí chuig scoil a sholáthraíonn saoroideachas oiriúnach dara leibhéal. Tugadh isteach an scéim dheontais seo in éineacht leis an scéim saoroideachais iar-bhunscoile sa scoilbhliain 1967/68.
2. Is é cuspóir na scéime ná deis a thabhairt do dhaltaí, atá faoi mhíbhuntáiste de bharr iad a bheith ina gcónaí i gceantair iargúlta i bhfad ó scoileanna, freastal ar scoil ar an bhonn chéanna le daltaí nach bhfuil faoin mhíbhuntáiste chéanna.
3. Faoi théarmaí na scéime, is éard is scoil dara leibhéal ná scoil atá aitheanta ag an Roinn chun críche na cúrsaí teastais atá leagtha síos a sholáthar, a iontrálann a cuid daltaí do na scrúdaithe Stáit, agus atá faoi réir cigireachta ag an Roinn.
4. Le bheith cáilithe do dheontas cónaithe, ní mór d'iarratasóir: –
  - gnáthchónaí a bheith air/uirthi sa Stát; agus
  - a bheith ina c(h)ónaí achar 4.8 km, nó níos mó ó scoil ina bhfuil saoroideachas oiriúnach ar fáil, agus níos mó ná 3.2 km ó phointe bailithe ar sheirbhís iompair chuig scoil dá leithéid; agus
  - gan a bheith in ann áit a aimsiú i scoil oiriúnach dara leibhéal faoi 25 km dá g(h)hath-áit chónaithe & a dheimhniú i scríbhinn den chéanna; agus
  - a bheith i gceist aige/aici freastal ar scoil dara leibhéal a sholáthraíonn saoroideachas dara leibhéal.

Is féidir, freisin, le daltaí cáiliú do chúnamh faoin scéim má tá siad ina gcónaí ar oileáin amach ón gcósta nach bhfuil aon scoil orthu a sholáthraíonn saoroideachas oiriúnach dara leibhéal.

Maidir le daltaí a dteastaíonn oideachas trí mheán na Gaeilge uathu, cuirfear i bhfeidhm na critéir atá leagtha amach i ndáil leis an scoil dara leibhéal is gaire a sholáthraíonn oideachas trí mheán na Gaeilge.

5. Ní bheidh na roghanna curaclaim (lena n-áirítear an idirbhliain a sholáthar, nó gan í a sholáthar) a chuireann scoil atá faoi 25km do gháth-áit chónaithe an iarratasóra ar fáil ina bhfachtóir chun críche incháilitheacht ar dheontas a chinneadh.

6. Ní rachaidh an uasdeontas iníoctha faoin scéim ó thosach na scoilbhliana 2015/16 thar €4,947 in aghaidh an dalta in aghaidh na bliana. Tá an deontas iníoctha tar éis gach téarma scoile leis an scoil nó leis an tuismitheoir/caomhnóir, de réir mar is cuí, faoi réir a dhaingnithe ag an scoil go raibh an dalta ag freastal go lánaimseartha ar feadh na tréimhse i gceist agus faoi réir ráiteas a sholáthar i leith muirear cónaithe/lóistín bliantúil, cibé acu is infheidhme.
7. Cuir cóip den gclár seo ar fáil, le do thoil, d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí ar mhaithe lena chur ar aghaidh chuig tuismitheoirí agus múinteoirí aonair.
8. Sa chiorclán seo tagraíonn an téarma 'údaráis bhainistíochta' do Bhoird Bhainistíochta, do Bhainisteoir, agus do Bhoird Oideachais agus Oiliúna.
9. Ba chóir iarratais do pháistí a bheidh ag tosú i mí Mheán Fómhair scoilbhliana a chur isteach ar an 30 Aibreán na bliana sin, nó roimhe, mar níl aon ráthaíocht ann go ndéanfar iarratais a fhaightear i ndiaidh an dáta seo a phróiseáil faoi Mheán Fómhair.
10. Ba chóir iarratais a sheoladh ar aghaidh chuig Rannán na Scoileanna, Deontas Cónaithe na gCeantar Iargúlta, An Roinn Oideachas agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

Hubert Loftus  
Príomhoifigeach  
Rannán Airgeadas na Scoileanna

Feabhra 2016

**OIDEACHAS IAR-BHUNSCOILE**  
**SCÉIM DEONTAS NA gCEANTAR IARGÚLTA**

Ba chóir an fhoirm seo, agus í comhlánaithe i gceart, a sheoladh chuig Rannán na Scoileanna, Deontas Cónaithe na gCeantar Iargúlta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 X659.

1. Ainm(neacha) an dalta/na ndaltaí \_\_\_\_\_ Dáta(i) breithe \_\_\_\_\_

Seoladh baile \_\_\_\_\_  
Uimh. Teileafóin. \_\_\_\_\_

2. Ainm agus suíomh na hiarbhunscoile/an ghaelcholáiste is gaire: \_\_\_\_\_

An t-achar a chónaíonn an dalta ón scoil seo \_\_\_\_\_

An pointe bailithe is cóngaraí ar an mbealach iompair chuig an iar-bhunscoil/gaelcholáiste is gaire

An t-achar a chónaíonn an dalta ón bpointe seo \_\_\_\_\_

Aimn agus seoladh na scoile a bhfuil sé i gceist ag an dalta/na daltaí freastal uirthi

Muirear cónaithe/lóistín atá iníoctha don scoilbhliain 2015/16 \_\_\_\_\_

Deimhním leis seo go bhfuil na mionsonraí thuas ceart agus iomlán.

Síniú an Tuismitheora/Caomhnóra: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Bloclitreacha \_\_\_\_\_

**D'ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN**